AGRI_PV(2020)0415_1

MIONTUAIRISCÍ

Cianchruinniú an 15 Aibreán 2020, 15.00-17.00

AN BHRUISÉIL

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 15.07 Dé Céadaoin, an 15 Aibreán 2020, agus ba é Norbert Lins (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.

1. Glacadh an chláir oibrea AGRI_OJ(2020)1504_1

Glacadh an clár oibre.

2. Fógraí an Chathaoirligh

Fógra ar bith.

3. Formheas mhiontuairiscí cruinnithe an

22-23 Eanáir 2020 PE 646.927v01-00
17-18 Feabhra 2020 PE 648.355v01-00

Formheasadh na miontuairiscí.

Lean an cruinniú ar aghaidh agus ba é Peter Jahr a bhí sa chathaoir.

4. Malartú tuairimí leis an gCoimisinéir Janusz Wojciechowski, atá freagrach as an talmhaíocht, maidir le hiarmhairtí COVID-19 in earnáil na talmhaíochta

Labhair na daoine seo a leanas: Peter Jahr, Janusz Wojciechowski, Herbert Dorfmann, Paolo De Castro, Nobert Lins, Ulrike Müller, Ivan David, Zbigniew Kuźmiuk, Luke Ming Flanagan, Anne Sander, Eric Andrieu, Asger Christensen, Clara Aguilera,Tilly

Metz, Mairead McGuinness, Daniel Buda, Angelo Ciocca, Bert-Jan Ruissen, Jérémy Decerle, Carmen Avram, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Chris MacManus, Marlene Mortler

Lean an cruinniú ar aghaidh agus ba é Martin Hlaváček a bhí sa chathaoir.

5. Forálacha idirthréimhseacha maidir leis an tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021

Leasuithe comhréitigh a bhreithniú.

Labhair na daoine seo a leanas: Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Álvaro Amaro, Ivan David, Mazaly Aguilar, Petros Kokkalis, Francisco Guerreiro, Michael Niejahr (DG AGRI)

6. Aon ghnó eile

Moltaí arna n-eisiúint ag Comhordaitheoirí AGRI le linn an chruinnithe a bhí acu an 30 Márta 2020

1.1. MALARTÚ TUAIRIMÍ LEIS AN gCOIMISINÉIR MAIDIR LE BEARTA COVID TAR ÉIS CHRUINNIÚ AGRIFISH AN 25 MÁRTA

Tabharfaidh an Coimisinéir Wojciechowski freagra ar litir AGRI.

Seo a leanas na tionscnaimh ón gCoimisiún atá curtha i bhfeidhm cheana:

- *saorghluaiseacht earraí agus oibrithe a ráthú trí chonairí glasa,*
- *an tacaíocht státchabhrach don talmhaíocht a mhéadú,*
- *an spriocdháta le haghaidh iarratas feirmeoirí ar íocaíocht dhíreach a chur siar ar feadh míosa,*

Déanfaidh an Coimisiún scrúdú breise ar na nithe seo a leanas:

- *úsáid acmhainní den Dara Colún nár úsáideadh,*
- *an fhéidearthacht na cláir Forbartha Tuaithe a mhodhnú,*
- *réamhíoc íocaíochtaí díreacha a réamh-mheas,*
- *níos mó solúbthachta maidir le rialuithe ar chur chun feidhme CBT,*
- *uirlisí idirghabhála margaidh a bhfuil anailís le déanamh orthu*

Ba gheal leis na Comhordaitheoirí na tionscnaimh ón gCoimisiún go dtí seo mar aon leo siúd atá ar na bacáin; agus d'iarr sí go gcuirfí gníomhaíochtaí breise i bhfeidhm a luaithe ab fhéidir, amhail:

- *leachtanna láithreacha chun tacú le feirmeoirí,*
- *bearta margaidh le haghaidh earnálacha sonracha,*
- *a áirithiú nach gcuirfear isteach ar imchlúdach CBT in CAI,*
- *cruinnithe rialta leis an gCoimisinéir chun obair leantach a dhéanamh maidir leis na bearta atá á gcur chun feidhme.*

1.2. MALARTÚ TUAIRIMÍ LE ELSI KATAINEN MAIDIR LEIS NA BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

Tá gach ní á dhéanamh ag an Rapóirtéir chun a áirithiú go nglacfar an comhad i gcomhréir leis an sceideal atá beartaithe, agus tá sé mar aidhm aige vótáil ar an tuarascáil le linn chruinniú an 27/28 Aibreán.
Faoi láthair, tá sraith iomlán de Leasuithe Comhréitigh á gcaibidliú leis na grúpaí polaitiúla go léir.

Tacaíonn na Comhordaitheoirí leis an Rapóirtéir agus ba mhaith leo cruinniú coiste a thionól roimh an vóta.

1.3. MALARTÚ TUAIRIMÍ LE RAPÓIRTÉIRÍ MAIDIR LE TOGRAÍ REACHTACHA CBT - NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Chuir na Rapóirtéirí na Comhordaitheoirí ar an eolas faoin dul chun cinn a rinneadh ar an leibhéal teicniúil, go príomha trí chianchruinnithe agus tríd an nós imeachta i scríbhinn.

Samhlaíonn siad go léir go bhféadfadh an vótáil sa suí iomlánach tarlú tar éis shos an tsamhraidh.

Chomhaontaigh na Comhordaitheoirí leis an gcur chuige sin.

2. LEITHDHÁILEADH COMHAD A bhFUILTEAR AG DÉILEÁIL LEO FAOI LEANÚNACHAS GNÓ

2.1. ENVI – Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun neodracht aeráide a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018-1999 (Dlí Aeráide na hEorpa) – COM(2020)0080, 2020/0036(COD)

Cinneadh: Déanfar cinneadh i leith na míre seo trí nós imeachta i scríbhinn

3. *A bhFUIL I nDÁN DON STRAITÉIS ÓN bhFEIRM GO DTÍ AN FORC*

Cinneadh: Fanacht leis an bhfoilseachán ón gCoimisiún go dtí go n-iarrfar staidéar EPRS.

4. CLÁR OIBRE NA gCOMHORDAITHEOIRÍ DO CHRUINNITHE ATÁ AR NA BACÁIN

4.1. Moladh go ndéanfaí an chéad chruinniú eile de na Comhordaitheoirí a thionól an 15 Aibreán 2020.

Cinneadh: An cruinniú de na comhordaitheoirí agus den choiste le heagrú an 15 Aibreán.

5. DOICIMÉAD EILE MAR FHAISNÉIS

Cinneadh: *Gan aon ghníomhaíocht a dhéanamh maidir le ceann ar bith de na doiciméid atá ar áireamh san Iarscríbhinn*

6. AON GHNÓ EILE

IARSCRÍBHINN I

5.1. Liosta de na hiarrataí is déanaí ó Choistí ar thuarascálacha féintionscnaimh

5.2. Pacáiste digiteach an Choimisiúin Eorpaigh agus ábhar preasa ar Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach

5.3. Moltaí ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2018

5.4 Moltaí ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2018

5.5. Conclúidí na Comhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2021 – a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Feabhra 2020

5.6. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú - COM(2020)67 final

5.7. Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir leis an Intleacht Shaorga – Cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaoibhe – COM(2020)65 final

5.8. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Eorpach i gcomhair sonraí – COM(2020)66 final

5.9. Iarraidh TRAN ar bhaint a bheith aige le tuarascáil BUDG INI ar Conas an Comhaontú Glas a mhaoiniú – Freagra ar litir BUDG

5.10. Glacadh cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den choiste comhlachais arna chur ar bun leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Liobáine, den pháirt eile, maidir le malartú faisnéise chun críche meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an chomhaontaithe i bhfoirm malartú litreacha maidir leis an leasú ar an gcomhaontú Eora-Mheánmhara – 05588/20

5.11. Barúlacha ón Confederazione Generale dell' Agricoltora Italiana ar an togra ón gCoimisiún chun cuid de na fabhair tharaife arna ndeonú don Chambóid faoi scéim trádála ‘Gach Ní ach Airm’ (EBA) AE, agus ar an gcinneadh rís a eisiamh

5.12. Tuairim ó Sheanad na Rómáine ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1306/2013 a mhéid a bhaineann leis an smacht airgeadais amhail ón mbliain airgeadais 2021 agus Rialachán Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le solúbthacht idir colúin i ndáil leis an mbliain féilire 2020 – COM(2019)580 final

5.13. Tuairim ó Sheanad na Rómáine ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021 agus lena leasaítear rialacháin Uimh. 228/2013, 229/2013 agus 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus a ndáileadh i ndáil leis an mbliain 2021 agus lena leasaítear rialacháin Uimh. 1305/2013, 1306/2013 agus 1307/2013 a mhéid a bhaineann lena n-acmhainní agus lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021 – COM(2019)581 final

5.14. Rún maidir le Clár Oibre an Choimisiúin Eorpaigh do 2020 arna ghlacadh ag Coiste na Réigiún

5.15. Glacadh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le haghaidh comhaontú comhpháirtíochta nua

5.16. Tuairim ó Pharlaimint na Gréige ar an gComhbheartas Talmhaíochta nua

5.17. Togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i ndáil le haontachas Phoblacht na Seirbia leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 – COM(2020) 73 final

5.18. Tuarascáil ón gCoimisiún an 19.2.2020 ar AE in 2019 – Tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí AE – C(2020)0860

5.19. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le haghaidh Eoraip níos glaine agus níos iomaíche- COM(2020)98 final

5.20. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu- COM(2020)93 final - SWD(2020)54 final

5.21. Tuairim CIE Uimh. 1/2020 ar an togra le haghaidh rialachán ón gCoimisiún maidir le forálacha idirthréimhseacha a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta sa bhliain 2021

5.22. Tuairim ó Pharlaimint Phoblacht na Seice ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir - COM(2020)22 final

5.23. Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an mBealach a réiteach ionsar gheilleagar ciorclach domhanda:an staid mar atá agus ionchas – SWD(2020)100

5.24. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr- COM(2020)94 final

5.25. Pacáiste Straitéise Tionsclaíochta an Choimisiúin Eorpaigh: https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-industrial-strategy_ga

5.26. Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta ar chur chun feidhme na teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe agus athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas

7. Dáta agus áit an chéad chruinnithe eile

28 Aibreán 2020 (An Bhruiséil)

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 17.28.